

CAIBIDIL 15

AN DEALBHÓIREACHT GHOTACH

Solas ag scairteadh sa dorchadas

Ceann de na forbairtí ba mhó a thit amach sa 12ú haois ná gur athraigh meon na ngnáthdhaoine i leith Dé. Bhí tábhacht úr leis an daonnachas i ndioscúrsa reiliúgach na n-ollscoileanna. D'imir roinnt den dioscúrsa nua ar an bpobal trí chéile le himeacht ama agus bhí sé ina réalta solais acu. Scaip an solas cuid éigin dá n-eagla agus dá n-aineolas. Bhíodh lucht na meánaoise á gciapadh de shíor ag scáth an bháis agus ag an damnú síoraí. Chuir na tuiscentí nua an scáth sin ar gcúl.

Céim ar aghaidh ón stíl Rómhánúil

Teachtairacht úr an dóchais a bhí ag an Eaglais sa ré seo. An slánú seachas an damnú a thiomáin an teagasc, agus is léire an t-athrú sin in íomhánna agus in ealaín na n-ardeaglaisí nua Gotacha ná in áit ar bith eile. Sa radharc tipiciúil Rómhánúil, mar a d'fheicfí i Saint Lazare Autun, nó i Sainte Foy de Conques, suíonn Críost fuarchúiseach ina bhreitheamh, na fíréin ar a láimh dheis agus an dream damnaithe ar chlé – iadsan a bhfuil an síorchiapadh tuillte acu i gcuideachta dheamhain arrachtacha lfrinn.

Tá codarsnacht ghlan idir na radhairc uafásacha Rómhánúla agus na híomhánna úra Gotacha. Ag Muire Mháthair Dé atá an phríomháiit anois, agus insítear a scéalsan ar bhealaí éagsúla i bhformhór na n-ardeaglaisí. Is mar shlánaitheoir an domhain a léirítear íosa féin. Ní hea nach dtaispeántar an Breithiúnas Deireanach níos mó, ach ní hiad na radhairc sin atá chun tosaigh a thuilleadh. Léirítear Dia uilechumachtach uaimhneach iontu fós ach níl lfreann ná na huafáis chomh mór iontu agus a bhí, agus is cúis dóchais í don phobal go bhfuil an Mhaighdean Mhuire agus Naomh Eoin i gcuideachta Chríost sna híomhánna.

Na Naoimh

Tá na naoimh le feiceáil i ngach áit sa dealbhóireacht agus sa ghloine dhaite Ghotach. B'ionúin le pobal na meánaoiseanna na naoimh, agus, in am an ghalair nó an ghátair, d'impigh siad orthu idirghuí a dhéanamh le Dia ar a son. Bhí scéalta na naomh agus a gcuid míorúiltí ar eolas go maith ag an bpobal mór, agus dá bhrí sin, bhí sé furasta acu iad a 'léamh' ar na híomhánna. Ba den traidisiún é go n-aithnífí na naoimh as na siombailí a bhain leo, ach tháinig forbairt mhór ar scileanna na n-ealaíontóirí sa 13ú haois, agus dá bharr sin, leag siad béim níos lú ar na siombailí agus béim níos mó ar dhreach nádúrtha na n-aghaidheanna.

Dealbha colúin

Gné shuntasach den dealbhóireacht Luath-Ghotach ba ea

dealbha colúin na ríthe agus na mbanríon. Cruthaíodh a leithéid ar dtús timpeall ar dhoras tosaigh Saint Denis agus is dócha gur bhain na dealbha úd le teaghlach ríoga na Fraince. Go luath ina dhiaidh sin, snoíodh a leithéid ar aghaidh thiar Chartres, agus níorbh fhada go raibh siad le fáil ar fud an Íle de France.



Fíor 15.1 Dealbha colúin, Chartres



FÍOR 15.2 Dealbha colúin, Chartres



FÍOR 15.3 Dealbha colúin, Chartres

Scríosadh deilbheacha Saint Denis le linn Réabhlóid na Fraince, ach tá tuairim againn cén chuma a bhí orthu, a bhúí le píosaf líníochta a nhaireann fós. Tá grúpa an-chosúil leo le feiceáil i Chartres (fíor 15.1, fíor 15.2 agus fíor 15.3).

Le forbairt na dealbhóireachta sa ré Ghotach, snoíodh na deilbheacha ar bhealach níos saorsheasmhaí agus níos nádúrtha. Ní raibh siad ag brath ar thacaíocht na hailtíreachta chomh mór sin. Bhí an réalachas le brath i ndreacha na ndealb, agus bhí meangadh gáire le feiceáil ar chuid acu, cosúil leo siúd i Rheims (fíor 15.13).



Chartres

An Doras Ríoga (Luath-Ghotach, 12ú haois)

Téama an tslánaithe a léirítear sa Doras Ríoga (an doras thiar nó an príomhbhealach isteach). Léiríonn an tiompán thar an doras láir an tsíoraíocht ar bhealach síochánta suaimhneach agus Críost Rí féin ag cur fáilte roimh na cuairteoirí. Feictear an Mhaighdean Mhuire agus Deascabail Íosa sna radhairc ar an dá thaobh de.

FÍOR 15.4 Críost Rí, an Doras Ríoga, Chartres



Fíor 15.5 An Doras Thuaidh, Chartres

Deirtear gur ríthe agus bannríona iad na dealbha ar dhá thaobh an dorais, agus is astusan a ainmníodh é. Níl duine ar bith cinnte cé hiad féin, ach is dócha go seasann siad do ríthe agus bhanríona Iúdáia, sinsir ríoga Íosa de réir an tSean-Tiomna. Tá stíl na ndealbheacha arda colúin seo ag teacht beagán leis an stíl Rómhánúil, ach tá dul chun cinn déanta sa mhéid is gur dlúthchuid anois iad de dhearadh iomlán an dorais. Tá siad in oiriúint don ailtireacht agus ag cur léi, seachas rud éigin sa bhreis a cuireadh leis an bhfoirgneamh.

Tá na cloigne ar fad ar aon leibhéal cé nach bhfuil na dealbha ar aon airde agus méadaíonn pléataí a gcuid éadaí ar an gcuma ard dhíreach atá orthu. Tá cuid de na patrúin anseo cosúil le dealbhóireacht Autun nó Vézelay, ach tá an chumadóireacht níos míne, rud atá soiléir ón suaimhneas agus dínit i ndreacha na ndealbha agus ón dóigh oilte inar láimhsíodh comhréir na mball i ndealbhu a gcorp. Is cosúil gur baineadh an-sult as na mionghnéithe is míne a léiríú in éide sípriseach na ndealbha, go háirithe in éide na mbanríon ar an dá thaobh den doras láir. Tugadh an-aird agus cúram do shnoadóireacht na dtrilseán ina gcuid gruaige, is do dhealbhu muinchillí fada silteacha agus sursaingí a ngúnaí.

Máistir na dealbhóireachta

Is féidir éagsúlachtaí a aithint go furasta i gcaighdeán na hoibre idir na deilbheacha ag na trí dhoras. Creidtear gur máistir na dealbhóireachta féin an saor a shnoigh na deilbheacha ag an doras láir, agus gurbh iad a chuid cúntóirí a d'oibrigh ar na doirse ar dheis agus ar chlé.

An Doras Thuaidh (Stíl ard Ghotach, 13ú haois)

Tiomnaíodh an Doras Thuaidh don Mhaighdean Mhuire (fíor 15.5). Seasann deilbh Naomh Áine amach ón *trumeau* (colún láir) agus a hiníon Muire ina baclainn aici (fíor 15.6). Sa tiompán láir os a gcionn, feictear Muire á coróiniú ina Banríon ar na Flaithis. Ise an nasc idir an Sean-Tiomna agus an Tiomna Nua. Ar an dá thaobh de na doirse seasann na fáithe a thug réamhaisnéis ar theacht Chríost. In aice leosan atá na haspail.

Deilbheacha ón Sean-Tiomna agus ón Tiomna Nua

Tá cailís á hiompar ag ardsagart an tSean-Tiomna, Meilcizidic, agus thall uaidh ar an taobh eile feictear Naomh Peadar, comharba Íosa. Bhí Abrahám, patrarc an tSean-Tiomna, sásta Íosac, a aonmhac féin a íobairt ar son Dé. Tuigeann sé go bhfuil íobairt Íosa le teacht agus seasann sé ag amharc ar Eoin Baiste, a thaispeánann Uan Dé dó.



Fíor 15.6 Naomh Áine



FÍOR 15.7 Abrahám agus Íosác

Pearsantachtaí ar leith

An rud is drámata faoi na deilbheacha seo ná an chaoi a léirítear ina ndaoine faoi leith iad agus gothaí dá gcuid féin ag gach duine acu. Feicimid an nádúrchas i gcorp iomlán Abrahám (fíor 15.7). Agus é ar tí a mhac a mharú, casann sé le hamharc ar aingeal ó neamh atá ann le stop a chur leis. Cur chuige úr a bhí anseo nach bhfacthas roimhe sin i ndealbhóireacht na Fraince.

Na mná

Blanche de Castille, bean a bhí cumhachtach agus láidir sa Fhrainc sna meánaoiseanna, a d'íoc as an doras a tiomnaíodh do Mhuire. Is léiriú ar a cuid tionchair an líon mór ban i ndealbhóireacht an dorais. Feictear go leor gaiscíoch mná ón Sean-Tiomna faoi na stuanna, ach is í deilbh ghrástúil Naomh Modeste, naomh a bhain leis an gceantar, an dealbh is breátha sa phóirse, agus í ina seasamh sa chúinne (fíor 15.8).

Modesta agus Potentialius

Iníon le gobharnóir Chartres le linn ré na Róimhe ba ea Modesta. Bhí a hathair ar deargbhuile nuair a thiontaigh sí ina Críostaí tar éis di éisteacht leis an soiscéaláí Potentialius. Deirtear faoi Potentialius gur Naomh Peadar féin a chuir go Chartres é. D'impigh Modesta ar a hathair gan Potentialius a chur chun báis nuair a chuir sé ar a thriail é. Ach martraíodh



FÍOR 15.8 Naomh Modeste

í féin mar aon leis agus caitheadh a corp isteach sa tobar sacráilte in uaimh Chartres. Léirítear Potentialius ar an gcúinne thall ó Modesta, agus é gléasta in éide easpaig.

St Modeste

Is fada lucht léinn ag trácht ar shárchaighdeán dealbh Naomh Modeste. Áirítear í mar léiriúchán álainn ar



Fíor 15.9 An Doras Theas, Chartres

chumhracht agus ar gheanmnaíocht an mhaighdeanais. Tá a cuid gruaige scaoilte ag an mbean óg agus caitheann sí caille á clúdach. Tá leabhar i lámh amháin aici. Síneann sí an lámh eile amach faoina brat, muid á mbeannú aici agus a héadan á hiompú aici inár dtreo ar bhealach mánla séimh.

An Doras Theas (Stíl ard Ghotach, 13ú haois)

Is chun glóire Íosa agus na heaglaise a tiomnaíodh an Doras Theas go hiomlán (fíor 15.9). Seasann a chuid aspal ar an dá thaobh de sa doras láir.

An múinteoir

Seasann Íosa ar an *trumeau* (colún láir), leabhar i lámh amháin aige agus muid á mbeannú aige leis an lámh eile. Taobh thiar dá cheann, feictear a shainsiombail féin – luan i bhfoirm na croise (fíor 15.10). Tá leon agus dragan faoina chosa, ach is mó atá idir é agus breitheamh Rómhánúil na bpeacach. Íosa grámhar atá anseo againn – múinteoir an chine dhaonna, nó an t-aoire a ghéillfeadh a bheatha ar son a thréada. Is léir sin ar an dreach séimh atá le feiceáil ar a aghaidh mhínsnoite.

Aspail Chríost

Ar an dá thaobh den doras, seasann an dáréag cosnocht ar cholúin áille chasta. Seasann Naomh Peadar (fíor 15.11) ar dheis Chríost mar cheann na heaglaise, is féidir é a aithint as a ghruaig agus a fhéasóg chatach. Tá eochair á hiompar aige, comhartha a chuid cumhachta ar an saol seo. I ngar dó, tá a chros á hiompar ag Naomh Aindrias agus iompraíonn Naomh Eoin, ógánach gan féasóg fós, a leabhar. Ní bhaineann aon siombail ar leith leis na haspail eile; ina ionad sin, iompraíonn siad gléasanna a mbáis, agus feictear fúthu deilbhreacha corónaithe Impireacht na Róimhe a rinne géarleanúint orthu.



Fíor 15.10 Beannacht Íosa Críost



FÍOR 15.11 Naomh Peadar

An Breithiúnas Deireanach

Sa tiompán os cionn an dorais láir, léirítear radharc den Bheithiúnas Deireanach, bunaithe ar Shoiscéal Naomh Matha. Tá na híomhanna aithnidiúla uile le feiceáil ann – na hanamacha á meá ag Micheál agus na diabhail ag troid chun breith orthu. Cé go stiúraíonn na deamhain an dream damnaithe i dtreo



FÍOR 15.12 Naomh Eoin

tinte síoraí Ifrinn, níl an íomhá seo aon phioc chomh huafásach lom leis na léiriúcháin sna heaglaisí Rómhánúla.

Ardeaglais Rheims

An dealbhóireacht

Bhí an deabhóid do Mhuire coitianta i measc an phobail sa 13ú haois. Bhí Ré an Niachais i réim, agus bhí an onóir is an grá cuirtéiseach ina mbuanna agus ina n-idéalacha ag an bpobal. Bhí ardmheas ar na mná riachtanach i gcód iompraíochta na ridirí, agus ba do Mhuire féin a tugadh an urraim ab airde.



FÍOR 15.13 Teachtaireacht an Aingil, Ardeaglais Rheims



Fíor 15.14 An Mhaidhean Mhuire agus Eiliosaibeit, Ardeaglais Rheims

Tiomnaíodh iliomad ardeaglaisí don Mhaidhean, agus feictear a híomhá ag Rheims i mbinn na heaglaise os cionn an dorais láir, is a Mac á coróiniú mar Bhanríon ar na Flaithis. Feictear arís í ar phiara láir an phríomhdhorais ag cur fáilte roimh an bpobal. I measc na ndealbha mórthimpeall uirthi, léirítear Teachtaireacht an Aingil agus Cuairt Mhuire ar Eiliosaibeit.

Deilbheacha faoi thionchar na Sean-Róimhe

Tá rian na Sean-Róimhe le feiceáil go láidir ar dheilbheacha Mhuire agus Eiliosaibeit. Tá cuma chruthanta na beatha ar na coirp agus a gcuid éadaí ag sileadh leo (fíor 15.14). I ngar dóibh, feictear meangadh gáire ar aghaidh chaoin Ghaibriéil, é grástúil ina ghluaiseacht agus a bhrat ag sileadh go galánta lena chorp. Suaitheantas chathair Rheims is ea aingeal caoin sin an ghéire anois (fíor 15.15).

An Ghearmáin

De réir mar a scaip an stíl Ghotach amach ón bhFrainc i rith an 14ú haois, tógadh neart ardeaglaisí maorga nua sna tíortha máguaird, Sasana, an Spáinn, agus Dúiche na Réine sa Ghearmáin san áireamh. D'fhoghlaim go leor ealaíontóirí a gceird ar ardeaglaisí Gotacha na Fraince agus thaistil siad chuig tíortha eile, ag múineadh a gcuid scileanna d'ealaíontóirí na háite. Duine acu sin ba ea an dealbhóir tréitheach ar a dtugtar Máistir Naumberg. Creidtear gur sa Fhrainc a oileadh é, áit a bhfuarthas samplaí dá chuid saothair in go leor ardeaglaisí,


Chartres san áireamh. Ach tá an saothar is cáiliúla leis le fáil in Naumberg, in ardeaglais bhreá Ghotach den 13ú haois.

Ekkehard agus Uta

Ar abhainn na Saale, i lár thoir na Gearmáine atá Naumberg suite, agus is ann a chruthaigh an máistirdealbhóir sraith de 12 dheilbh den scoth timpeall ar chórlann Ardeaglais Naomh Peadar is Pól. Is é an dream ar a dtugtaí na bunaitheoirí a bhí á léiriú aige sna dealbha. An Cúnta Ekkehard agus a bhean Uta (fíor 15.16) an bheirt is cáiliúla acusan, iad chomh dearfa ina ndealramh go gcreidfeá go raibh siad os a chomhair amach ag an ealaíontóir agus é i mbun oibre – cé gurb eol dúinn go raibh siad sa chré i bhfad sular snoíodh a gcuid dealbha. Thug an t-ealaíontóir aird iontach ar mhionghnéithe na n-éadaí is na n-aghaidheanna. Ach thar aon rud eile, thug sé aird chaolchúiseach ar mhiontréithe na ngothaí is na staidiúire sa dóigh is gur chuir sé na daoine in iúl dúinn ar bhealach beo réadúil.

Tionchar ar Walt Disney

Tá greim docht ag Ekkehard ar a sciath agus ar dhornchla a chlaímh. Tá Uta fuar, de réir dealraimh, agus fáisceann sí a brat trom eirmín isteach lena haghaidh. Snoíodh na lámha go háirithe go mion mion, agus tá cuma na beochta orthu.



Fíor 15.15 Aingeal an ghéire i Rheims



FÍOR 15.16 Ekkehard agus Uta

Maireann go leor de na dathanna geala bunaidh ar an dá dheilbh agus deirtear go raibh tionchar ag deilbh Uta, faoina caille agus a coróin, ar Walt Disney nuair a bhí banríona na gcartún á gcruthú aige.

Críoch

Chuaigh gluaiseacht an daonnachais i smaointeoireacht an chreidimh i bhfeidhm ar an ealaín, agus mar thoradh air sin, bhí íomhánna an chreidimh sa ré Ghotach i bhfad níos ceansa ná mar a bhí léiriúcháin scanrúla na ré Rómhánúla.

Ceisteanna

1. Cén dóigh a ndeachaigh smaointeoireacht an chreidimh i bhfeidhm ar an dealbhóireacht Ghotach?
2. Conas a d'aithin daoine na naoimh i ndealbhóireacht na meánaoiseanna?
3. Cad is dealbh colúin ann?
4. Cuir síos ar roinnt de na gnéithe den dealbhóireacht Ghotach a léiríonn cur chuige an nádúrachais maidir le deilbh an duine.

Aiste

1. Ag amharc ar chuid den dealbhóireacht ar thrí dhoras Chartres agus ar na deilbheacha ar ardeaglaisí eile, déan plé ar fhorbairt na dealbhóireachta Gotaí idir an 13ú haois agus an 15ú haois. Leag amach na hathruithe sa stíl, agus déan tagairt do roinnt deilbheacha ainmnithe i do fhreagra.

Staidéar ar phictiúir dhaite

1. Scrúdaigh an Doras Ríoga i Chartres (fíor 15.4) agus cuir síos ar na deilbheacha atá ann. Cén fáth, dar leat, gurb iadsan cuid de na deilbheacha is cáiliúla i stair na healaíne?
2. Scrúdaigh deilbheacha Uta agus Ekkehard (fíor 15.16) in Ardeaglais Naomh Peadar agus Pól i Naumberg, agus cuir síos orthu i do chuid focal féin. An gceapann tú go ndearna an dealbhóir íomhá an-bheo den bheirt acu? Cén dóigh a léirítear an mothú ina gcuid gothaí?